



Irish
Writers
Centre

Áras
Scríbhneoirí
na hÉireann

**BAILE DO
SCRÍBHNEOIRÍ
IN ÉIRINN**

Áras Scríbhneoirí na hÉireann
Straitéis 2022-2026



Brollach

Agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann ag tabhairt faoina cheathrú deich mbliana, is údar misnigh dúinn go bhfuil tírdhreach litríochta na hÉireann ag flúirsiú. Le blianta beaga anuas, d'fháiltíomar roimh iontrálaithe nua chuig an saol, chonaiceamar deiseanna foilsitheoireachta nua agus méadaithe, féidearthachtaí forbartha gairmiúla agus oideachais fhoirmiúla chomh maith le fás in eagraíochtaí piara agus féilte liteartha. Choinnigh na nithe sin ar fad spotsolas dírithe ar an scríbhneoireacht as Éirinn agus chruthaigh sé braistint dóchais agus deiseanna dóibh siúd atá ag scríobh cheana féin nó a bhfuil suim acu sa scríbhneoireacht.

Tá sé tráthúil, dá bhrí sin go bhfuil straitéis nua cúig bliana á nochtadh ag Áras Scríbhneoirí na hÉireann ina leagtar amach ár bhfís le haghaidh éiceachóras fuinniúil agus tacúil a chruthóidh pobal beoga agus éagsúil de scríbhneoirí. Tugadh deis luachmhar dúinn agus an straitéis seo á forbairt chun tuiscint shoiléir

a fhorbairt ar ár láidreachtaí agus éachtaí, an rannchuidiú uathúil a dhéanaimid le tírdhreach cultúrtha na hÉireann agus an réimse an-spéisiúil deiseanna atá romhainn sa todhchaí.

Mar eagraíocht náisiúnta le raon uile-oileáin, athdhearbhaíonn an straitéis 2022-2026 seo go bródúil ár ról agus ábharthacht don scríbhneoir aonair, agus ár dtiomantas d'oibriú leis an scríbhneoir le linn a ghairme. Go tábhachtach, leagtar amach inti go soiléir ár n-uaimhian foriomlán chun deiseanna leanúnacha a sholáthar do scríbhneoirí chun iad féin a fhorbairt, agus a bheith mar chuid de phobal gafa daoine ar aon intinn lenár féidir leo a scileanna, paisean agus cuspóir a roinnt.

Is caibidil uathúil í seo d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann, arna tiomáint ag nuálaíocht agus dóchas. Táimid tiomanta do bheith uaimhianach do scríbhneoirí, dúinn féin agus don mhéid is féidir linn a bhaint amach le chéile. Fáiltímid romhat teacht linn agus muid ag tabhairt faoin gcéad chéim eile seo inár n-éabhlóid.

Breda Brown
Cathaoirleach

ÁR SPRIOCANNA

- 1 Tacú le scríbhneoirí gairmiúla chun a gceird agus a ngairm a chur chun cinn le muinín agus athléimneacht
- 2 Deiseanna a bhreisiú do dhaoine i ngach pobal chun an scríbhneoireacht chruthaitheach a fhiosrú agus tabhairt fúithi
- 3 Pobal gafa scríbhneoirí agus na comhaontais straitéiseacha a thacaíonn lenár n-uaimhianta a shaothrú
- 4 Na háiteanna agus na spásanna is fearr a chumasaíonn ár saothar ar fud oileán na hÉireann a chinntiú
- 5 Ár dtodhchaí mar eagraíocht a chinntiú leis an eolas, samhlaíocht agus acmhainní le bheith faoi bhláth go hinbhuanaithe



Réamhrá

Tá Áras Scríbhneoirí na hÉireann imithe ó neart go neart óna straitéis deiridh, cumhachtaithe ag ómós láidir cuspóra i dtreo scríbhneoirí, á dtiomáint le bheith chomh hábhartha agus chomh spreagúil dóibh agus is féidir linn.

Dílis dá fhís bhunaithe in 1991, is áit atá san IWC do scríbhneoirí chun a gceird a fhorbairt agus bualadh le scríbhneoirí eile. Bliain is tríocha níos déanaí, leanaimid de mheas a bheith againn ar an tosaitheoir agus an scríbhneoir atá ag teacht chun cinn, fad is a aithnímid freisin nach slánaíonn foilseachán amháin gairm an scríbhneora. Agus IWC ag éirí níos forbartha sna tacaíochtaí a thairgeann sé, glacann ár straitéis nua leis an ról gur mian linn a imirt chun údair a ardú san obair dhúshlánach chun a ngairmeacha a chothabháil.

Léirítear sa straitéis nua 2022-2026 seo ár dtiomantas do scríbhneoirí mar a shainítear trí chláir chomhoibritheacha, cónaitheachtaí, sparánachtaí, meantóireachtaí, faisnéis

agus tacaíochtaí oiliúna a chur ar fáil a thacaíonn le scríbhneoirí le linn a ngairme, ó thosaitheoirí go gairmithe. Ach is pobal scríbhneoirí atá nasctha agus cothaitheach an tsócmhainn is láidre atá againn mar earnáil, agus tríd an straitéis seo, glacaimid le héiteas éagsúlachta agus cleachtas comhghleacaíochta, ag úsáid taithí agus flaithiúlacht atá sa phobal liteartha chun naisc nua a dhéanamh agus eolas a roinnt. Fásfaimid gréasán líonraí idirnasctha, meitheal ar fud an oileáin, chun rochtain agus deiseanna a thairiscint do scríbhneoirí le nascadh mar phiaraí, agus chun bealaí a shamhlú le chéile trí chomhpháirtíochtaí chun a saothar a nascadh lena lucht éisteachta.

Admhaímid ról luachmhar ár bpríomh-mhaoinitheoirí, an Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, agus Fáilte Éireann, ár gcomhpháirtí-tiarna talún fadtéarmach. Ba mhaith liom tréaslú freisin lenár mbord beoga agus lenár bhfoireann tiomanta a chuireann fáilte i gcónaí roimh gach cineál scríbhneora.

Valerie Bistany

Stiúrthóir/
Príomhfheidhmeannach

Le níos mó ná 30 bliain anuas, tá aitheantas agus ardú croí tugtha ag IWC dóibh siúd a raibh an misneach acu agus gur gá dóibh a bheith ag scríobh trí dheiseanna a thabhairt dóibh a scil a fhorbairt, a n-uaimhianta a chur ar aghaidh agus a bheith mar chuid de phobal éagsúil daoine a bhfuil paisean agus cuspóir comhchoiteann acu. Déanaimid é sin mar go gcreidimid i gcumhacht na scríbhneoireachta chun tuiscint a chruthú agus taitneamh a thabhairt dár ndomhan inniu agus lena shamhlú cén chuma a d'fhéadfadh a bheith air.

Cuspóir

Is ann d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann chun scríbhneoirí a spreagadh agus a ardú chun a n-aislingí agus a n-uaimhianta a bhaint amach mar chuid de phobal rithabhachtach, nasctha.

Fís

Faigheann ár bhfís don todhchaí inspioráid ó thraidisiún an tseanchaí, coimeádaí na scéalta, an eolais agus an chultúir a shainigh agus a d'aontaigh pobal, a bhfuil ardluach leis.

Is mian linn cónaí i ndomhan ina mbeidh scríbhneoirí faoi bhláth, a mbeidh meas orthu mar gheall ar a bhfocal agus a smaointe a shoilíonn ár saolta agus a bhreisiúnn ár dtuiscint.

Misean

Tacaímid le pobal beoga agus éagsúil scríbhneoirí de gach cineál agus tallann chun a gceird, cumas agus muinín a fhorbairt le bláthú mar scríbhneoir sa domhan.

Déanaimid é sin ar na bealaí seo:

- > Tacú le scríbhneoirí ag gach céim dá ngairm ó thosaitheoirí go gairmithe.
- > Sraith gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a eagrú do scríbhneoirí lena n-áirítear ceardlanna, máistir-ranganna, seimineáir, imeachtaí agus deiseanna chun scileanna a roinnt.
- > Faisnéis, comhairle, acmhainní agus rochtain ar dheiseanna a sholáthar.
- > Cúrsaí a sholáthar a dheartar le hoiriúint dóibh siúd a scríobhann.
- > Spásanna ar líne agus fisiciúla a chruthú inár féidir le scríbhneoirí teacht le chéile, smaointe agus eolas a roinnt agus líonraí agus tacaíocht ghairmiúil a chruthú.
- > Cláir agus imeachtaí comhoibritheacha a chruthú a thugann scríbhneoirí le chéile chun a saothar a fhorbairt, a ngairmeacha a fhoirmiú agus nascadh lena lucht éisteachta.

Uaimhian

Tagann an straitéis nua seo ag an am céanna lenár gceathrú dheich mbliana mar bhaile ag scríbhneoirí in Éirinn. Sa deich bliana nua seo, díreoidimid ar an todhchaí, tiomáinte le huaillmhian, nuálaíocht agus dóchas do scríbhneoirí agus scríbhneoireacht in Éirinn.

Sna 5 bliana amach romhainn, dearbhóimid ár ról mar eagraíocht tacaíochta agus forbartha scríbhneoirí de gach cineál agus tallann ar fud oileán na hÉireann agus an oscailteacht, saineolas agus cuimsitheacht atá lárnach inár gcuid oibre agus cur chuige saineiúil a mhéadú. Leanfaimid ag tacú leis an mbonneagar liteartha gairmiúil reatha agus á láidriú, ag tabhairt faoina dhúshláin. Leanfaimid ag obair i gcomhar le daoine eile, agus fios againn gur féidir linn ár dtionchar do scríbhneoirí, don phobal liteartha agus don tsochaí a mhéadú trí oibriú le chéile.

Sínfimid ár gcuid oibre leis an bpobal scríbhneoireachta gairmiúil, méadóimid ár rannpháirtíocht leo agus muid ag iarraidh a gcumas cruthaitheach agus gairme a chur chun cinn.

Leanfaimid orainn ag leagan bacainní le scríbhneoireacht

agus le rannpháirtíocht linn, ag méadú inrochtaineacht agus ag cinntiú comhionannas deiseanna.

Cothóimid pobal scríbhneoirí, meitheal daoine aonair acmhainneacha, athléimneacha, a thacóidh lena chéile go pearsanta agus go gairmiúil. Spreagfaimid agus cumasóimid an pobal sin le méadú agus éagsúlú, chun a líonraí agus naisc spéise agus tacaíochta féin a chruthú.

Uasmhéadóimid na deiseanna a thugtar dúinn sna spásanna fisiciúla agus fíorúla ina mbímid agus muid ag iarraidh teagmháil le níos mó daoine ar an oileán. Déanfaimid amhlaidh go freagrach, ag iarraidh ár dtionchar comhshaoil a íoslaghdú.

Tá na hacmhainní, scileanna, fuinneamh agus samhlaíocht againn chun ár n-uaimhian a sheachadadh.

Tríd an bhfiontar seo, le hacmhainneacht chinnte agus cultúr dearfach, le tacaíocht ó phobal cumhachtaithe, sínfimid ár dtionchar, agus cinnteoidimid go mbeidh aithne ag aon duine a scríobhann nó gur mian leo scríobh, cibé aois nó céim, ar Áras Scríbhneoirí na hÉireann.

Luachanna

Dáimh

Is pobal daoine aonair muid atá nasctha ag ár ngrá don scríbhneoireacht. Is cairde muid a dtaitníonn sé linn scileanna, eispéiris agus gach a bhfuil i gcoiteann againn a roinnt, ag tacú lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

Oscailteacht

Tá fáilte chroíúil ag Áras Scríbhneoirí na hÉireann roimh gach duine a scríobhann nó ar mian leo scríobh. Tá suim againn i smaointe nua, cuireann féidearthachtaí sceitimíní orainn agus bímid réidh i gcónaí le hathrú. Táimid anseo, réidh chun ár saíneolas agus léargas a roinnt, agus éisteacht, foghlaim agus freagairt go cuí.

Ábharthacht

Is iad na nithe is tábhachtaí do scríbhneoirí na nithe is tábhachtaí dúinne. Fanaimid

nasctha go dlúth leis an méid atá tábhachtach do scríbhneoirí agus dá saolta cruthaitheacha anois agus sa todhchaí.

Dul chun cinn

Táimid uailmhianach do scríbhneoirí, dúinn féin agus don mhéid is féidir linn a bhaint amach le chéile. Féachaimid chun tosaigh le dóchas agus le bogadh ar aghaidh le clisteacht, fuinneamh agus deaslámhacht.

Éiteas

Tá Áras Scríbhneoirí na hÉireann tiomanta do phrionsabail agus cleachtais an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe. Táimid tiomanta freisin don smaointeoireacht agus na cleachtais a thacaíonn le comhshaol inbhuanaithe a chur ar aghaidh.

Snoíonn an t-éiteas sin trí gach a dhéanaimid faoi gach sprioc.

SPRIOC 1

Tacú le scríbhneoirí gairmiúla chun a gceird agus a ngairm a chur chun cinn le muinín agus athléimneacht

Cén fáth an sprioc seo?

Léiríodh le linn na paindéime chomh ríthábhachtach is atá ealaín agus ealaíontóirí dár saolta mothaitheacha agus intleachtúla. Mar chodarsnacht, nochtadh i suirbhé Words Ireland (2021) chomh dúshlánach is atá sé le bheith i do scríbhneoir inniu. Cuireann an dá réadúlacht sin buntaca agus spreagadh faoi thosaíocht na hoibre chun tacú le scríbhneoirí gairmiúla.

Táimid i seasamh ceannaireachta ónar féidir linn cruth a chur ar smaointeoireacht agus gníomhaíochtaí a chothú chun folláine scríbhneoirí gairmiúla a fheabhsú agus a gcoinníollacha oibre a chur ar aghaidh. Dá réir sin, de réir ár gcuspóra, ardaímid agus cuirimid oiliúint ar scríbhneoirí, ag tacú lena n-uailmhianta dá gceird mar aon lena gceart chun ioncam inbhuanaithe a thuilleadh óna scríbhneoireacht.

	CUSPÓIRÍ	TORTHAÍ
1	Sraith gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus forbartha gairmiúla a choimeád do scríbhneoirí.	D'ardaigh ár dtacaíocht ceird agus folláine scríbhneoirí gairmiúla.
2	Cruthaímid deiseanna foghlama agus bealaí gairmiúla do scríbhneoirí gairmiúla a láidríonn a gcumas chun gairm inbhuanaithe a bheith acu mar scríbhneoir.	Tá scríbhneoirí gairmiúla níos ábalta, le muinín agus cumais mhéadaithe, chun gairm a chothabháil mar scríbhneoir.
3	Tá scríbhneoirí gairmiúla níos ábalta, le muinín agus cumais mhéadaithe, chun gairm a chothabháil mar scríbhneoir.	Bheith mar fhoinsé flaithiúil saíneolais, comhairle agus malartú faisnéise do scríbhneoirí gairmiúla.
4	Lorgaíonn scríbhneoirí gairmiúla agus bíonn muinín acu as ár bhfaisnéis agus comhairle.	Leanúint ag cur deiseanna fostaíochta ar fáil do scríbhneoirí gairmiúla ina bhfuil an cleachtas is fearr i dtéarmaí pá agus coinníollacha.
5	Ár nguth a chur le hiarrachtaí abhcóideachta thar ceann scríbhneoirí gairmiúla agus an earnáil liteartha.	Chuireamar le stádas scríbhneoirí gairmiúla a ardú agus a gcoinníollacha maireachtála agus oibre a fheabhsú.

SPRIOC 2

Deiseanna a fheabhsú do dhaoine i ngach pobal chun an scríbhneoireacht chruthaitheach a fhiosrú agus tabhairt fúithi

Cén fáth an sprioc seo?

Ba í aidhm bhunaithe Áras Scríbhneoirí na hÉireann rochtain oscailte a sholáthar ar scríbhneoireacht, deiseanna a chruthú dóibh sin nár tugadh deis dóibh go traidisiúnta chun muinín a fháil iad féin a chur in iúl agus a scéalta a insint.

Agus Éire ag athrú, ag glacadh le daoine agus bealaí nua, leanaimid ár dtiomantas chun scríbhneoirí de gach cineál agus tallann a spreagadh, agus go háirithe iad siúd nach gcloistear a nguth chomh minic, le bheith páirteach sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Chuige sin, táimid ag súil le bacainní fíora agus braite le scríbhneoireacht agus le rannpháirtíocht linn a leagan, ag méadú inrochtaineacht agus ag cinntiú comhionannas deiseanna.

SPRIOC 3

Pobal gafa scríbhneoirí agus na comhaontais straitéiseacha a thacaíonn lenár n-uaimhianta a shaothrú

Cén fáth an sprioc seo?

Cuireann ár n-ainm béim ar ár rún: le bheith i gcroílár pobal beoga agus éagsúil scríbhneoirí ar fud oileán na hÉireann. Aithnímid go n-oibríonn scríbhneoirí astu féin. Tá a fhios againn freisin gur mian le scríbhneoirí a bheith mar chuid de phobal agus taitneamh a bhaint as braistint aitheantais, tacaíocht agus glacadh a théann leis sin. Leanfaimid ag cothú an phobail scríbhneoirí a fhreastalaímid orthu agus á gcumasú chun a líonraí agus pobail féin tacaíochta agus foghlama a chruthú.

Ar a sheal, leanfaimid ag cothú agus ag forbairt comhpháirtíochtaí agus comhaontais eagraíochtúla a chuireann ár gcuid oibrer chun cinn. Le stair de chleachtas comhoibritheach, leanfaimid leis an gcur chuige seo chun na páirtithe leasmhara is tábhachtaí do scríbhneoirí a thabhairt le chéile chun athrú dearfach a chur i bhfeidhm.

CUSPÓIRÍ

TORTHAÍ

1

Ár bpunann de chúrsaí scríbhneoireachta cruthaitheacha a chothabháil agus a fhorbairt lena chinntiú go mbíonn siad fairsing, cuimsitheach agus nuálach agus go gcuirtear eispéiris rannpháirtí ardchaighdeán ar fáil.

Tá an-mheas i gcónaí ar ár gcúrsaí, agus an-tóir orthu, iad oiriúnaithe do riachtanais agus freagrach do dheiseanna nua.

2

Leanúint ag cruthú deiseanna spreagtha a chuireann ar chumas daoine ó ghrúpaí nach bhfuil dóthain ionadaíochta orthu chun scríbhneoireacht a fhiosrú.

Bíonn níos mó daoine ó ghrúpa nach bhfaigheann dóthain ionadaíochta rannpháirteach inár gclár.

3

Feidhmiú mar fhoinsé cairdiúil, údaráis eolais ar scríbhneoirí agus scríbhneoireacht don phobal.

Is spriocagraíocht muid dóibh siúd a bhfuil suim acu i scríbhneoirí nó scríbhneoireacht.

1

CUSPÓIRÍ

Na scafaill agus na líonraí a chumasaíonn scríbhneoirí le teagmháil lena chéile a fhorbairt agus pobal tacúil, foghlama piara a bhunú.

TORTHAÍ

Chuireamar ar chumas líonraí uathoibríocha a bhunú atá ag tacú go gníomhach lena bpobail.

2

Ár bpróisis chomhoibritheacha a éagsúlú agus a oiriúnú chun páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun deiseanna nua a sholáthar do scríbhneoirí.

Spreagamar tuiscint, naisc agus tacaíochtaí nua a rachaidh chun tairbhe scríbhneoirí.

3

Ár dtairiscint do bhaill a athbhreithniú agus a láidriú chun rannpháirtíocht agus ceangal a mhéadú.

Tá cohórt gníomhach rannpháirtithe againn le braistint láidir muintearais agus dílseachta le pobal IWC.

4

Na comhpháirtíochtaí agus comhaontais straitéiseacha a thacaíonn lenár n-uaimhianta agus a chinntíonn ár dtionchar a chothú agus a shíneadh.

Tá caidrimh láidre, slána againn le páirtithe leasmhara atá rithábachtach do fhíorú ár dtosaíochtaí.



SPRIOC 4

Na háiteanna agus na spásanna is fearr a chumasaíonn ár saothar ar fud oileán na hÉireann a shlánú

Cén fáth an sprioc seo?

Anois agus muid inár gceathrú deich mbliana mar sprioceagraíocht tacaíochta agus forbartha do scríbhneoirí, is mian linn ár n-áit agus ár rochtain mar eintiteas uile-oileáin a dhearbhu. Déanfaimid é sin trí na deiseanna a thugtar dúinn sna spásanna fisiciúla agus fíorúla ina mbímid a uasmhéadú agus trí dheiseanna a chruthú go réamhghníomhach le haghaidh láithreachta sealadach nó fada ar fud an oileáin. Chuige seo, beimid eolach ar ár dtionchar comhshaoil agus déanfaimid iarracht spásanna a fhorbairt atá dearfach don aeráid.

CUSPÓIRÍ	TORTHAÍ
1	Baile sainoiriúnaithe a fhorbairt d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann. Tá sláine tionachta againn i bhfoirgneamh a shásaíonn ár riachtanais atá ag forbairt i gcónaí.
2	Leanúint le cumas digiteach ár gcuid oibre a fhorbairt, go sonrach samhaltá seachadta ár gcúrsaí a éagsúlú, chun rochtain a mhéadú agus teagmháil a leathnú. D'athraigh infheistíocht inár n-ardáin dhigiteacha rannpháirtíocht inár gclár.
3	Leanúint ag spreagadh oibre i gcomhthéacsanna agus suíomhanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chuireamar síneadh lenár láithreachta i spásanna cruthaitheacha ar fud an oileáin.



SPRIOC 5

Ár dtodhchaí mar eagraíocht a chinntiú leis an eolas, samhlaíocht agus acmhainní le bheith faoi bhláth go hinbhuanaithe

Cén fáth an sprioc seo?

Táimid ag iarraidh a bheith ar an eagraíocht is fearr agus is féidir linn ionas gur féidir linn tacú le scríbhneoirí le bláthú san éiceolaíocht liteartha. Chuige sin, leanfaimid ag cinntiú ár n-athléimneacht airgeadais, cuirfimid cleachtais bhainistíochta agus rialachais sármhaithe i bhfeidhm agus gníomhóimid beartais ar bhealaí a dhéanann difear bríoch. Ardóimid ár nguth chun ár scéal féin a insint le bród agus cuspoir agus chun tacú le scríbhneoirí.

Tá a fhios againn go bhfuil an chaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre chomh tábhachtach leis an obair. Trínár luachanna a thabhairt chun beatha, cinnteoidimid gur áit iontach é Áras Scríbhneoirí na hÉireann le bheith ag obair agus go bhfuil ardmheas ar an eagraíocht.

CUSPÓIRÍ	TORTHAÍ	
1	Cur le cumas agus muinín na foirne agus an chultúir eagraíochtúil chun uaillmhianta na straitéise seo a sheachadadh.	Tá foireann oile, spreagtha agus éifeachtach againn a mhothaíonn go bhfuil tacaíocht acu agus atá sásta ina gcuid oibre.
2	Leanúint ag éagsúlú próifíl agus inniúlachtaí an bhoird chun ceannaireacht láidir a chinntiú.	Is eagraíocht níos láidre, níos éifeachtúla agus níos cuimsithí muid mar gheall ar ár mbord tiomanta a bhfuil taithí acu.
3	Ár sruthanna maoinithe agus ioncaim a mhéadú agus a éagsúlú.	Tá bonn maoinithe níos leithne againn agus mhéadaíomar ár n-athléimneacht airgeadais.
4	Brí a chur lenár mbranda agus infheictheacht agus tionchar ár gcumarsáidí a mhéadú.	Aithnítear muid agus tá luach orainn mar sprioceagraíocht tacaíochta agus forbartha do scríbhneoirí de gach cineál agus tallann ar fud oileán na hÉireann.
5	Beartais agus cleachtais riachtanacha agus forbartha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.	Tá cleachtais rialachais eiticiúla agus inbhuanaithe ar siúl in IWC.



Is é Áras Scríbhneoirí na hÉireann croí beoga an phobail scríbhneoireachta in Éirinn. Mar shaoráid agus mar sheirbhís, tá sé sármhaith.

Rannpháirtí i suirbhé IWC Have Your Say

Ag gach céim, chabhraigh Áras na Scríbhneoirí le m'éabhlóid mar scríbhneoir, chuir sé rochtain, spreagadh agus pobal ar fáil dom agus ghlac sé le m'iarrachtaí chun saol cruthaitheach a mhaireachtáil.

Olivia Fitzsimons

D'athraigh mo shaol ó tháinig mé ar IWC: Bhain mé triail as scríobh i dteanga iasachta... roghnaíodh mé le haghaidh sparánachtaí agus chabhraigh tionscadail éagsúla liom a bheith i mo scríbhneoir níos oilte agus rathúla.

Rafael Mendes

Oibríonn uailmhian scríbhneora i nglúnta agus grúpaí agus treibheanna, mar sin má tá treibh uait, is áit mhaith é an tÁras Scríbhneoirí le tosú.

Anne Enright, Ambasadóir IWC

Anseo, i 19 Cearnóg Parnell, tá pobal dílis fásta agus faoi bhláth. B'éigean dó, cosúil le gach pobal, a eitic féin dlúthpháirtíochta a chruthú, atá bunaithe ar chomhionannas, rannpháirtíocht iomlán, agus meas ar na guthanna éagsúla ar fad atá páirteach ann. Dá réir sin is cuifeach seachas dídean atá ann.

Is ar an gcúis sin go bhfuilim an-bhródúil a bheith mar Phátrún ar Áras Scríbhneoirí na hÉireann.

Uachtarán na hÉireann, **Micheál D. Ó hUigín,** Pátrún Áras Scríbhneoirí na hÉireann

Teistiméireachtaí



BUÍOCHAS

Buíochas ó chroí lenár gcairde, scríbhneoirí, maoinitheoirí agus páirtithe leasmhara ar scríbhneoirí iad a ghlac páirt i bhforbairt na straitéise agus sa suirbhé, a threoraigh Janice McAdam go stuama. Míle buíochas le foireann UWC a bhí rithábhachtach i ngach céim den phróiseas, Bord IWC a ghlac páirt agus a mhaoirsigh é, agus go háirithe Grúpa Oibre na Straitéise (Breda Brown, Dermot Davis, Susanne Dirks, Emma Gorman, agus Jess Majekodunmi) ar chuir a gcomhairle agus léargais cruth ar an straitéis ina fhoirm dheiridh.

DÉAN TEAGMHÁIL LINN:

g: irishwriterscentre.ie

r: info@writerscentre.ie

t: +353 (0)1 872 1302

19 Cearnóg Parnell,

Baile Átha Cliath 1

LEAN MUID:

 @IrishWritersCtr

 @IrishWritersCentre

 @IrishWritersCtr

 @IrishWritersCtr

Uimh. CHY na gCoimisinéirí Ioncaim 19738

Uimh. Charthanais Chláraithe 20077655



funding
literature



LOTTERY FUNDED



Foras na Gaeilge



Comhairle Cathrach
Baile Átha Cliath
Dublin City Council

DUBLIN
UNESCO
City of Literature